Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12882/23

LIMITE

COPEN 309
DROIPEN 133
JAI 1137
ENV 976
RELEX 1035

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12644/23, 12766/23 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11545/23 REV 1 + ADD 1 REV 1, 11546/23 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (ETS Uimh. 172) agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin<br>- Glacadh<br>agus<br>Páipéar seasaimh ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit a bhaineann le dréacht-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin<br>- Formheas |

**Réamhrá**

Tá cinneadh déanta ag Comhairle na hEorpa go ngabhfar ionad a Coinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil.[1] I bhfianaise na caibidlíochta, a bhfuiltear ag súil le tús a chur léi le seisiún ón 16 go dí an 18 Deireadh Fómhair 2023, ba cheart sainordú a thabhairt don Choimisiún a bheith páirt a ghlacadh, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht sin. Ba cheart páipéar seasaimh a fhormheas freisin.

[1] An Coinbhinsiún maidir le maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil, ETS Uimh. 172, a glacadh an 4 Samhain 1998.

**Staid na himeartha**

– Cinneadh ón gComhairle

An 7 Iúil 2023, thíolaic an Coimisiún Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach páirt s ghlacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gcaibidlíocht maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil (ETS Uimh. 172) agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin, mar aon le dréacht-Tuarascáil Mhíniúcháin a ghabhann leis (11545/23 REV 1 + ADD 1 REV 1).

An 14 Iúil 2023, scrúdaigh Comhairleoirí CGB (COPEN) an dréacht-Chinneadh ón gComhairle agus na dréacht-treoracha caibidlíochta a ghabhann leis den chéad uair.

An 19 Iúil 2023, chinn Coreper Airteagal 83(2) CFAE a chur le bunús dlí an dréacht-Chinnidh ón gComhairle (12034/23).

An 4 Meán Fómhair 2023, scrúdaigh Comhairleoirí CGB an dréacht-Chinneadh ón gComhairle agus na treoracha caibidlíochta den dara huair ar bhonn téacs athbhreithnithe ón Uachtaránacht (12235/23).

Ina dhiaidh sin, seoladh nós imeachta neamhfhoirmiúil tosta. Ba é toradh an nós imeachta sin go raibh na Ballstáit uile in ann teacht ar chomhaontú ar an leibhéal teicniúil maidir le téacs an dréacht-Chinnidh ón gComhairle agus leis na treoracha caibidlíochta a ghabhann leis (mar a leagtar amach in 12644/23).

Ina dhiaidh sin, scrúdaigh na dlítheangeolaithe téacs an dréacht-Chinnidh ón gComhairle. Tá an téacs a d’eascair as an anailís sin leagtha amach in 12693/23. Leagtar amach na treoracha caibidlíochta in ADD 1 a ghabhann leis an doiciméad seo.



PUBLIC

– *Páipéar Seasaimh*

Ag deireadh mhí an Mheithimh, thíolaic an Coimisiún 'Páipéar leathoifigiúil a d'ullmhaigh seirbhísí an Choimisiúin a bhaineann le dréacht-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin' (11211/23). Bhí sé d'aidhm ag an bpáipéar seasamh ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit a shainiú maidir le dréacht-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa. Tar éis an Mholta thuas le haghaidh Cinneadh ón gComhairle an 7 Iúil 2023, thíolaic an Coimisiún páipéar leathoifigiúil níos mionsonraithe (11546/23) an 10 Iúil 2023.

Scrúdaigh na toscaireachtaí na páipéir leathoifigiúla ag cruinnithe an 5 Iúil agus an 14 Iúil agus ina dhiaidh sin an 25 Iúil (ar bhonn 11969/23), agus an 18 Meán Fómhair 2023 (ar bhonn 12766/23).

Tar éis an chruinnithe dheireanaigh sin, seoladh nós imeachta neamhfhoirmiúil tosta. Ba é toradh an nós imeachta sin go raibh na Ballstáit uile in ann teacht ar chomhaontú ar an leibhéal teicniúil maidir le téacs an 'Páipéar Seasaimh ón Aontas Eorpach agus óna Bhallstáit maidir le dréacht-Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa a ghabhfaidh ionad Choinbhinsiún 1998 maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil agus a chuirfear in ionad an Choinbhinsiúin sin' in 12891/23.

**Conclúid**

I bhfianaise an mhéid thuas,

(a) Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- téacs an dréacht-Chinnidh ón gComhairle agus na treoracha caibidlíochta a ghabhann leis a dhearbhú, in 12693/23 + ADD 1, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh seo a ghlacadh;
- téacs an pháipéir seasaimh in 12891/23 a dhearbhú agus a mholadh don Chomhairle an páipéar sin a fhormheas;



PUBLIC

(b) Iarrtar ar an gComhairle:

- an Cinneadh ón gComhairle, agus na treoracha caibidlíochta a ghabhann leis in 12693/23 + ADD 1 a ghlacadh;[2]
- an páipéar seasaimh in 12891/23 a fhormheas.

---

[2] Foilseofar an Cinneadh ón gComhairle san Iris Oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.



PUBLIC